2024/3216

27.12.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3216 ÓN gCOMHAIRLE

an 10 Nollaig 2024

lena n-údaraítear an Fhrainc rátaí laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas a sholáthraítear go díreach d'aerárthaí atá ina stad ag aeradróim atá oscailte d'aerthrácht poiblí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Chomhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas ([1]), agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le litir dar dáta an 11 Aibreán 2022, d'iarr an Fhrainc údarú chun leibhéal laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas a sholáthraítear go díreach do gach aerárthach atá ina stad ag aeradróim atá oscailte d'aerthrácht poiblí de bhun Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE. Chuir údaráis na Fraince faisnéis bhreise ar fáil an 25 Deireadh Fómhair 2022 agus an 7 Lúnasa 2023. Sheol údaráis na Fraince faisnéis bhreise an 30 Deireadh Fómhair 2023, an 7 Samhain 2023, an 27 Nollaig 2023 agus an 18 Aibreán 2024. Ba cheart feidhm a bheith ag an údarú atá á lorg go dtí an 31 Nollaig 2028.

(2) De réir údaráis na Fraince, a bhuí leis na rátaí laghdaithe cánach atá beartaithe aici a chur i bhfeidhm, tá sé d'aidhm ag an bhFrainc cur chun úsáide agus úsáid leictreachais a sholáthraítear tríd an eangach leictreachais a chur chun cinn a thuilleadh. Meastar úsáid an leictreachais sin a bheith ina mhodh soláthair leictreachais d'aerárthaí, aerárthaí atá ina stad ag aerfoirt atá oscailte d'aerthrácht poiblí, nach ndéanann an oiread céanna de dhochar don chomhshaol ná úsáid breosla iontaise ó mhodhanna táirgthe inmheánacha.

(3) Sa mhéid go laghdaíonn úsáid leictreachais a sholáthraítear tríd an eangach leictreachais astaíochtaí gás ceaptha teasa agus truailleáin aeir eile a tháirgfí trí ghiniúint cumhachta inmheánach murach sin inmheánacha aerárthaí, cuidíonn sé le cáilíocht an aeir a fheabhsú agus truailliú torainn a laghdú. Tá coinne leis go rannchuideoidh an beart dá bhrí sin le cuspóirí comhshaoil, sláinte agus bheartas aeráide an Aontais Eorpach.

(4) Trí an Fhrainc a cheadú rátaí laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm ar leictreachas a sholáthraítear tríd an eangach leictreachais, ní théann an cead sin thar a bhfuil riachtanach, ós rud é go bhfanfaidh giniúint an leictreachais ar bord ina rogha mhalartach níos iomaíche i bhformhór na gcásanna. Ar an gcúis chéanna, agus mar gheall ar an sciar den mhargadh atá ag an teicneolaíocht, ar sciar é atá beag go leor, ní dócha go mbeidh aon saobhadh suntasach ar an iomaíocht mar thoradh ar an mbeart sin le linn a a fheidhme agus mar sin ní bheidh tionchar diúltach aige ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart an Fhrainc a údarú rátaí cánach laghdaithe a chur i bhfeidhm, mar a iarrtar, le héifeacht ón 1 Eanáir 2025.

(6) De bhun Airteagal 19(2) de Threoir 2003/96/CE, beidh teorainn ama le gach údarú a dheonaítear faoin bhforáil sin. Mar sin féin, chun nach ndéanfar dochar d'fhorbairtí ginearálta a dhéanfar amach anseo ar an gcreat dlíthiúil atá ann cheana, is iomchuí a fhoráil gur cheart, i gcás ina ndéanfadh an Chomhairle, ag gníomhú di ar bhonn Airteagal 113 nó aon fhoráil ábhartha eile den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, córas modhnaithe ginearálta a thabhairt isteach chun cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus leictreachais arb ina leith nach n-oiriúnófaí an t-údarú seo, scoirfeadh an t-údarú sin d'fheidhm a bheith aige.

(7) Ní dochar an cinneadh seo do chur i bhfeidhm rialacha an Aontais maidir leis an Státchabhair,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údaraítear an Fhrainc rátaí laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas a sholáthraítear go díreach tríd aneangach leictreachais d'aerárthaí atá ina stad ag aeradróim atá oscailte d'aerthrácht poiblí, ar choinníoll go n-urramaítear na híosleibhéil chánachais dá dtagraítear in Airteagal 10(1) de Threoir 2003/96/CE.

([1]) IO L 283, 31.10.2003, lch. 51.

Airteagal 2

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2028.

Mar sin féin, i gcás ina ndéanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar bhonn Airteagal 113 nó aon fhoráil ábhartha eile den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, córas modhnaithe ginearálta a thabhairt isteach lena ngearrfaí cáin ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas nach mbeadh an t-údarú arna dheonú in Airteagal 1 den Chinneadh seo comhoiriúnach leis, scoirfidh an Cinneadh seo d'fheidhm a bheith aige an lá a thiocfaidh an córas modhnaithe ginearálta sin chun bheith infheidhme.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a thabharfar fógra faoi.

Airteagal 4

Is chuig Poblacht na Fraince a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Nollaig 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

VARGA M.